



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2015

### CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL (400 marc)

DÉ LUAIN 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

<p><b>Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc)</b></p> <p>Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile. Ba chóir d'iarrthóirí <b>CEIST 1 amháin</b> a fhreagairt NÓ tabhairt faoi <b>DHÁ</b> cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo.</p>
<p><b>Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc)</b></p> <p>Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí <b>DHÁ</b> cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.</p>
<p><b>Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc)</b></p> <p>Tá 2 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí ceann <b>AMHÁIN</b> de na ceisteanna seo a fhreagairt.</p>

#### Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt.  
Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt d'obair atá ceart.

**ROINN 1 (120 Marc)**  
**Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ** cheist ar bith eile

**1. Trádálaí Aonair – Cuntais chríochnaitheacha**

Baineadh na hiarmhéideanna seo thíos as leabhair M. Uí Dheá, Trádálaí Aonair, mar a bhí ar 31/12/2014:

	€	€
Caipiteal 01/01/2014 .....		198,000
Tarraingtí .....	10,700	
Foirgnimh .....	300,000	
Trealamh oifige (costas €22,000).....	15,000	
Paitinní.....	24,000	
Veaineanna seachadta ar a gcostas.....	63,000	
Dímheas carntha – veaineanna seachadta.....		14,000
Stoc 01/01/2014 .....	29,000	
Díolacháin .....		485,000
Ceannacháin .....	196,000	
Aischiúir amach (aischiúir cheannachán) .....		5,300
Aischiúir isteach (aischiúir dhíolachán) .....	17,000	
Creidiúnaithe .....		21,900
Féichiúnaithe .....	34,800	
Lascaine faighte .....		1,400
Pá & tuarastail.....	105,000	
Speansais ghinearálta.....	13,000	
Stáiseanáireacht .....	4,800	
Iasacht téarma (faighte ar 01/04/2014).....		50,000
CBL.....		17,300
Soláthar in aghaidh drochfhiach.....		2,500
Fógraíocht.....	5,700	
Árachas.....	9,000	
Ús iasachta íoctha.....	1,000	
Banc.....	42,600	
ÁSPC/MSU.....		10,200
Iarmhéid brabúis/caillteanais 01/01/2014.....		<u>65,000</u>
	<u>870,600</u>	<u>870,600</u>

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:**

- (i) Stoc le haghaidh athdhíola ar 31/12/2014 €19,000.
- (ii) Stoc stáiseanáireachta ar 31/12/2014 €1,200.
- (iii) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar iasacht. 6% sa bhliain an ráta úis.
- (iv) Tá pá/tuarastail le roinnt - 75% ar fhostaithe/oibríthe agus 25% ar tharraingtí.
- (v) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch 31/04/2015.
- (vi) Tá soláthar le déanamh i gcomhair dímheasa mar seo a leanas:
  - Foirgnimh 10% den chostas
  - Veaineanna seachadta 10% dá luach glan de réir na leabhar
  - Trealamh oifige 20% den chostas
- (vii) Ba chóir coigeartú a dhéanamh ar an soláthar in aghaidh drochfhiach go dtí 10% d'fhéichiúnaithe.

**Iarrtar ort:**

- (a) Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2014. (80)
- (b) Clár Comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2014. (40)

**(120 marc)**

## 2. Cuntais Ghnólacht Seirbhíse

Is mar seo a leanas a bhí sócmhainní agus dliteanais Sheáin de Bhailís, dochtúir, ar 01/01/2014.

Foirgnimh €310,000, Troscán €21,700, Feithiclí Mótair €28,000, Trealamh Leighis ar a chostas €42,000, Airgead sa Bhanc €18,400, Suimeanna dlite ó Othair Phríobháideacha €1,600, Solas agus Teas €300 dlite, Méid dlite ó Scéim na gCártaí Liachta €3,900, Dímhéas ar Threalamh Leighis €9,500.

### Iarrtar ort:

(a) **Caipiteal** an Dr de Bhailís a ríomh ar 01/01/2014. (20)

Baineadh na sonraí a leanas as a chuid taifead ar 31/12/2014:

<b>Fáltais</b>	<b>€</b>	<b>Íocaíochtaí</b>	<b>€</b>
Táillí ó Othair Phríobháideacha	187,300	Solas agus Teas	16,000
Scéim na gCártaí Liachta	120,400	Trealamh Leighis	14,800
		Teileafón & Leathanbhanda	7,300
		Speansais Mhótair	14,900
		Irisí	1,300
		Táillí na nDochtúirí Ionaid	19,100
		Árachas	26,000
		Pá Fhoireann na hOifige	39,300

Tá an t-eolas breise seo a leanas le cur san áireamh ar 31/12/2014:

- (i) Árachas réamhíoctha €2,000.
- (ii) Suimeanna dlite ó Scéim na gCártaí Liachta €1,500.
- (iii) Pá dlite d'Fhoireann na hOifige €550.
- (iv) Teastaíonn ón Dr de Bhailís dímhéas a dhéanamh ar an Trealamh Leighis (breiseanna san áireamh) de 10% den chostas agus ar na Feithiclí Mótair de 20% den chostas.

### Iarrtar ort:

(b) **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** an Dr de Bhailís a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2014. (40)  
**(60 marc)**

### 3. Ráiteas Imréitigh Bainc

Leagtha amach thíos tá Cuntas Bainc agus Ráiteas Bainc Julia Uí Laighin do mhí an Mhárta 2015.

Dr		Cuntas Bainc			Cr	
		€			€	
Márta 1	Iarmhéid	5,200	Márta 2	P. de Róiste	0014	1,200
Márta 6	Díolacháin Lóisteáilte	12,900	Márta 5	Cíos	0015	900
Márta 16	Lóisteáil	16,340	Márta 10	Árachas	0016	600
Márta 29	Díolacháin Lóisteáilte	9,450	Márta 14	T. Ó Maoilmhiadhaigh	0017	1,800
			Márta 18	Ceannacháin	0018	3,950
			Márta 22	R. Mac Aodha	0019	790
			Márta 29	Pá	0020	1,400
			Márta 31	Iarmhéid t/a		33,250
		<u>43,890</u>				<u>43,890</u>
Aibreán 1	Iarmhéid t/a	33,250				

Ráiteas Bainc ar 31/03/2015				
		Dochar	Creidmheas	Iarmhéid
		€	€	€
Márta 1	Iarmhéid t/a			5,200
Márta 3	Ús Faighte		75	5,275
Márta 4	P. de Róiste 0014	1,200		4,075
Márta 8	Lóisteáil		12,900	16,975
Márta 12	Cíos 0015	900		16,075
Márta 16	Buanordú	510		15,565
Márta 18	Árachas 0016	600		14,965
Márta 21	M. Ó Nualláin seic obtha	420		14,545
Márta 22	Lóisteáil		16,340	30,885
Márta 23	Ceannacháin 0018	3,950		26,935
Márta 25	R. Mac Aodha 0019	790		26,145
Márta 26	Díbhinn faighte		1,200	27,345
Márta 28	Táillí Bainc	90		27,255
Márta 29	J. Uí Laighin	160		27,095

**Nóta:** An €160 a iontráladh sa Ráiteas Bainc ar 29 Márta, cuireadh trí earráid é i gcuntas Julia Uí Laighin in ionad é a chur i gcuntas Sheáin Uí Laighin.

#### Iarrtar ort:

- (a) **Cuntas Bainc Coigeartaithe** Julia Uí Laighin a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a thabhairt anuas. (35)
- (b) Ráiteas a ullmhú ar 31/03/2015 a **réitíonn** iarmhéid an Chuntais Bhainc choigeartaithe le hiarmhéid an Ráitis Bhainc. (25)
- (60 marc)**

#### 4. Ceartú Earráidí agus Cuntas Fionraí

Níor réitigh Comhardú Trialach Áine Ní Fhógartaigh ar 31/12/2014 agus iontráladh na difríochtaí i gCuntas Fionraí. Rinneadh scrúdú ar na leabhair agus nochtadh na hearráidí seo a leanas:

1. Níor iontráladh sna leabhair earraí a díoladh ar cairde le De Bhaldraithe Teo. €11,300.
2. Iomlán Leabhar na gCeannachán €18,000, breacadh i gCuntas na gCeannachán mar €1,800 é.
3. Caitheadh le hÚs faighte €700 mar ús íoctha.
4. Níor iontráladh sna leabhair airgead tirim €400 a thóg Áine Ní Fhógartaigh le haghaidh úsáid phríobháideach.
5. Earraí a díoladh ar cairde le Micheál Ó Riain €560, breacadh i gcuntas Michelle Uí Riain iad.

#### Iarrtar ort:

- (a) Na ceartuithe is gá a **bhreacadh sa leabhar cúnta.** (35)
- (b) **Ráiteas ar Ghlanbhrabús Ceartaithe** a ullmhú más €18,400 an glanbhrabús atá ann de réir na gcuntas. (25)
- (60 marc)**

**ROINN 2 (200 Marc)**  
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Achadh an Tobair Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2014:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2014**

	€	€
Díolacháin Chreidmheasa		640,000
<b>Lúide:</b> <u>Costas Díolachán</u>		
Stoc 01/01/2014	28,000	
Móide: Ceannacháin Chreidmheasa	<u>368,000</u>	
	396,000	
Lúide: Stoc 31/12/2014	<u>16,000</u>	
Costas Díolachán		<u>380,000</u>
Ollbhrabús		???
<b>Lúide:</b> Speansais Iomlána (ús íoctha €7,200 san áireamh)		<u>112,000</u>
Glanbhrabús don bhliain		<u>148,000</u>

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2014**

	Costas	Dímheas	Glanluach de réir na leabhar
<b>Sócmhainní Seasta</b>	<u>950,000</u>	<u>30,000</u>	920,000
<b>Sócmhainní Reatha</b> (Féichiúnaithe Trádála €32,000 san áireamh)		74,000	
<b>Lúide Creidiúnaithe:</b> suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe Trádála		<u>46,000</u>	
			<u>28,000</u>
			<u>948,000</u>
<b>Maoinithe ag:</b>			
<b>Creidiúnaithe:</b> suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain			
Bintiúir 9% (2021/2022)			80,000
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>	<b>Údaraithe</b>	<b>Eisithe</b>	
Gnáthscaireanna ar €1 an ceann	<u>800,000</u>	<u>720,000</u>	720,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais			<u>148,000</u>
			<u>948,000</u>

- (a) **Iarrtar ort a ríomh:** (déan an t-áireamh go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí.)
- (i) Corrlach an Bhrabúis Chomhláin.
  - (ii) An Ráta Láimhdeachas Stoic.
  - (iii) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid.
  - (iv) Cé mhéad scair sa bhreis is féidir le hAchadh an Tobair Teo. a eisiúint/a dhíol? (40)
- (b) **Mínigh** na téarmaí seo a leanas agus luaigh an bhaint atá acu leis na Cuntais thuas.
- (i) Bintiúir 9% (2021/2022)
  - (ii) Féichiúnaithe Trádála
  - (iii) Dímheas
  - (iv) Ús Íoctha (40)
- (c) (i) Ríomh an Cóimheas Fíorthástála do 2014.
- (ii) Cad a insíonn an cóimheas seo dúinn mar gheall ar Achadh an Tobair Teo.? (10)
- (d) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid d' Achadh an Tobair Teo. in **2013** ná 19%.  
Déan trácht ar bhrabúsacht Achadh an Tobair Teo. in **2014**. (10)

**(100 marc)**

## 6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Mhic Ruaidhrí Teo.:

### Brabús agus Cailteanas (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2014

	€
Brabús Oibriúcháin	83,000
Ús Íoctha	<u>(6,000)</u>
	77,000
Cáin	<u>(8,000)</u>
	69,000
Díbhinní íoctha	<u>(14,000)</u>
Brabús Coinnithe	55,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanas 01/01/2014	<u>67,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanas 31/12/2014	<u><u>122,000</u></u>

Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar	31/12/2014		31/12/2013	
	€	€	€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>				
Talamh agus Foirgnimh	400,000		280,000	
Lúide soláthar in aghaidh dímhéasa	<u>(45,000)</u>	355,000	<u>(38,000)</u>	242,000
<b>Sócmhainní Reatha</b>				
Stoc	54,000		49,000	
Féichiúnaithe	32,000		28,000	
Banc	<u>18,000</u>		<u>13,000</u>	
	<u>104,000</u>		<u>90,000</u>	
<b>Lúide Creidiúnaithe</b> suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain				
Creidiúnaithe	9,000		10,000	
Cáin	<u>8,000</u>		<u>11,000</u>	
	<u>(17,000)</u>		<u>(21,000)</u>	
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<u>87,000</u>		<u>69,000</u>
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>		<u><u>442,000</u></u>		<u><u>311,000</u></u>
<b>Maoinithe ag</b>				
<b>Creidiúnaithe:</b> suimeanna dlite tar éis 1 bhliain				
Bintiúir 7%		115,000		100,000
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>				
Gnáth-Scairchaipiteal eisithe		185,000		136,000
Scairbhiseach		20,000		8,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanas		<u>122,000</u>		<u>67,000</u>
		<u><u>442,000</u></u>		<u><u>311,000</u></u>

### Iarrtar ort:

- (a) An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)
- (b) An **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** do Mhac Ruaidhrí Teo. a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2014 faoi na ceannteidil seo a leanas:
- Gníomhaíochtaí oibriúcháin
  - Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas
  - Cáin
  - Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
  - Díbhinní cothromais íoctha
  - Maoiniú. (60)
- (c) An Glanshreabhadh Airgid a **réiteach** leis an Athrú ar na Glanfhiacha. (10)

**(100 marc)**

## 7. Taifid Neamhiomlána – Cuntais Rialúcháin

Níor choinnigh Máire Nic Éinrí sraith iomlán leabhar don bhliain dar críoch 31/12/2014. Is achoimre é seo a leanas ar an gcuntas airgid don tréimhse sin.

<b>Fáltais airgid</b>	€	€
Iarmhéid 01/01/2014	14,900	
Féichiúnaithe	69,800	
Díolacháin	143,500	
Coimisiún	<u>6,100</u>	234,300

<b>Íocaíochtaí Airgid</b>	€	€
Ceannacháin	85,300	
Creidiúnaithe	31,800	
Tarraingtí	3,600	
Pá agus Speansais Ghinearálta	82,100	
Veain Mótair	<u>13,900</u>	216,700

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil freisin:

	01/01/2014	31/12/2014
Áitreabh	490,000	490,000
Trealamh	21,000	21,000
Féichiúnaithe	7,200	5,200
Stoc	16,500	13,200
Creidiúnaithe	4,300	5,700
Speansais réamhíoctha	1,200	700

**Nóta:** Déan dímhéas 25% den chostas sa bhliain ar Threalamh.

**Iarrtar ort:**

- (a) **Caipíteal** Mháire Nic Éinrí ar 01/01/2014 a ríomh. (10)
- (b) Úsáid a bhaint as **Cuntais Rialúcháin** chun **Díolacháin Iomlána** agus **Ceannacháin Iomlána** Mháire Nic Éinrí a ríomh. (20)
- (c) **Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2014. (30)
- (d) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar 31/12/2014 a ullmhú. (40)

**(100 marc)**



**ROINN 3 (80 Marc)**  
Freagair ceist **AMHÁIN ar bith**

**8. Costáil Ionsúcháin**

Tá dhá roinn, Táirgeadh agus Pacáil, ag an ngnólacht déantúsaíochta Mearphacáil Teo. Is iad seo a leanas na forchostais bhuiséadaithe don dá roinn don bhliain seo chugainn:

<b>Roinn</b>	€	€
	<b>Seasta</b>	<b>Athraitheach</b>
Táirgeadh	30,000	18,000
Pacáil	7,000	9,000

Is iad seo a leanas na hUaireanta Saothair Dhíriúcháin atá measta (buiséadaithe) ag Mearphacáil Teo. do gach roinn don bhliain seo chugainn:

	<b>Uaireanta Saothair Dhíriúcháin</b>
Táirgeadh	5,000 uair
Pacáil	2,000 uair

- (a) Ríomh an **ráta ionsú forchostais (Seasta agus Athraitheach araon)** do gach **Roinn** bunaithe ar **Uaireanta Saothair Dhíriúcháin**.
- (b) Is mar seo a leanas atá sonraí **Jab** custaiméara **Uimh. 671**:

Ábhair Dhíreacha	€1,250
Saothar Díreach	€460
Uaireanta á Tháirgeadh	3
Uaireanta á Phacáil	2

Ríomh an **costas iomlán** ar **Jab Uimh. 671**.

- (c) Ríomh **praghas díola Jab uimh. 671** más ionann an mharcáil suas agus 20% den chostas.
- (d) Luaigh **dhá chúis** ar gá do ghnólacht costphraghas (bunphraghas) táirge a ríomh.

**(80 marc)**

## 9. Buiséadú Táirgí

Déanann Gaelach Teo. dhá chineál clogad iománaíochta, ‘Compord’ agus ‘Timfhillteach’. Tá díolacháin an dá chineál clogad iománaíochta agus eolas ábhartha eile don bhliain seo chugainn buiséadaithe thíos:

	<b>Compord</b>	<b>Timfhillteach</b>
Díolacháin Bhuiséadaithe	4,200 aonad	2,800 aonad
Praghas Díola Ionchasach	€40	€55

<b>Stoic Ionchasacha – Earraí Críochnaithe</b>	<b>Compord</b>	<b>Timfhillteach</b>
Stoc Tosaigh	840	450
Stoc ar Deireadh	610	370

<b>Ábhar agus Costais</b>	<b>Ábhar A</b>	<b>Ábhar B</b>
Compord	4 ghram	5 ghram
Timfhillteach	3 ghram	4 ghram
Luach ceannaigh ionchasach in aghaidh an ghraim	€6	€4

<b>Stoc Ionchasach – Amhábhair</b>	<b>Ábhar A</b>	<b>Ábhar B</b>
Stoc Tosaigh	130 gram	270 gram
Stoc ar Deireadh	190 gram	320 gram

<b>Am an tSaothair Dhírigh ina uaireanta an chloig</b>	
Compord	5 huairé an chloig
Timfhillteach	7 n-uaire an chloig

<b>Ráta an tSaothair Dhírigh in aghaidh na huairé</b>	
	€8

Iarrtar ort:

- Buiséad Díolachán ina **aonaid** agus ina € a ullmhú.
- Buiséad **Táirgeachta** a ullmhú.
- Buiséad **Úsáid Ábhair** a ullmhú.
- Buiséad Ceannacháin Ábhar** ina **aonaid** agus ina € a ullmhú.
- Buiséad **Saothair** (pá) a ullmhú.
- Cén fáth** a n-ullmhódh Gaelach Teo. an Buiséad Úsáid Ábhar?

(80 marc)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán